



Foirm - HTMED1

**IARRATAS AR THEAGASC BAILE SA SCOILBHLIAIN 2019/2020
DO DHALTAÍ A BHFUIL RIOCHT SUNTASACH MÍOCHAINÉ AG CUR AS DÓIBH**
Iarrtar ort na sonraí seo a leanas a léamh go cúramach mar aon le hmlitir 0043/2019 sula líonann tú isteach an fhoirm iarratais. *Is féidir an imlitir a léamh ag www.education.ie*

Ráiteas Príobháideachais

Cuireann an Roinn Oideachais agus Scileanna, oideachas agus oiliúint ar fáil do dhaoine a bhfuil cónaí orthu sa Stát ar leibhéal atá oiriúnach chun freastal ar riachtanais agus ar chumas na ndaoine sin, a mhéid is indéanta agus ag féachaint do na hacmhainní atá ar fáil. Is é an **príomhchuspóir** a éilíonn an Roinn na sonraí pearsanta a sholáthraíonn tú ná incháilitheacht don Scéim Deontais um Theagasc Baile a chinneadh. Féadfar na sonraí pearsanta a chuirtear ar fáil a roinnt le FSS, TUSLA (an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach), an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE), an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige (DCYA), an Roinn Oideachais agus Scileanna (NEPS san áireamh) agus na Coimisinéirí Ioncaim chun incháilitheacht a chinneadh don Scéim Deontais um Theagasc Baile, chun íocaíochtaí a phróiseáil, chun a chinntiú nach ndéantar aon mhaoiniú a dhúbailt agus chun críocha staitistiúla. Is féidir teacht ar an bhFógra Príobháideachais ina bhfuil cur síos ar bhreis faisnéise maidir leis an Scéim seo ag <https://www.education.ie/en/The-Department/Data-Protection/gdpr/parents-children/ath-2-06-2-07-10-6-privacy-notice-for-the-home-tuition-scheme.pdf>.

Tá sonraí iomlána faoi bheartas Cosanta Sonraí na Roinne ina leagtar amach conas a úsáidimid do shonraí pearsanta nó sonraí do linbh, chomh maith le faisnéis maidir le do chearta mar ábhar sonraí, le fáil ag <https://www.education.ie/en/The-Department/Data-Protection/gdpr/gdpr.html>. Tá sonraí an bheartais seo le fáil i gcóip chrua freisin ach iad a iarraidh ón seoladh atá luaite ar leathanach 6 den fhoirm seo.

Cuid 1: Sonraí Pearsanta (Le comhlánú ag Tuismitheoirí/Caomhnóirí Dlíthiúla)

Má theipeann ort an fhoirm seo a chomhlánú ina hiomláine b'fhéidir go mbeidh moill ar phróiseáil an iarratais. I gcásanna áirithe b'fhéidir go gcaithfear an fhoirm seo a chur ar ais chuig an iarratasóir lena comhlánú. D'fhéadfadh sé suas le 15 lá oibre a ghlacadh chun iarratais ar theagasc baile a phróiseáil mar is féidir le hamanna próiseála a bheith éagsúil ag brath ar líon na n-iarratas a fhaightear, agus/nó ar chineál agus castacht an iarratais.

* Ní mór gach réimse a chomhlánú

Uimh. PSP an linbh: Is uimhir thagartha uathúil í Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (Uimhir PSP) do linbh atá le húsáid gach uair a bhítear ag déileáil le Gníomhaireachtaí Seirbhíse Poiblí, lena n-áirítear na Coimisinéirí Ioncaim. Má tá sonraí uait ar Uimh. PSP do linbh déan teagmháil leis an Roinn Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí (DEASP) - Aitheantas Seirbhíse Poiblí.

*Uimh. PSP an linbh

--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--

*Céadainm an linbh: Céadainm an linbh

--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--

*Sloinne an linbh: Sloinne an linbh

--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--

*Dáta breithe an linbh:

L	L	M	M	B	B	B	B
---	---	---	---	---	---	---	---

Inscne:

Fireann

Baineann

An ndearna tú iarratas cheana ar theagasc baile le haghaidh an dalta seo?

Rinne Ní dhearna

An bhfuil aon leanbh eile agat atá ag fáil teagasc baile?

Tá Níl

CUID 2 (A)

Leanaí ar an rolla i scoileanna agus a bhfuil riocht míochaine suntasach ag gabháil dóibh a chuir isteach go mór ar a bhfreastal ar scoil, agus ar dócha go leanfaidh sé ar aghaidh ag cur isteach ar a bhfreastal ar scoil.

SONRAÍ MÍOCHAINE - Le comhlánú ag dochtúir an dalta

Ainm an dalta: _____ Riocht míochaine an dalta: _____

An dóigh leat go gcuirfidh an riocht mhíochaine sin isteach ar thinreamh scoile an linbh ar feadh tréimhsí fada? Is dóigh Ní dóigh

Tabhair meastachán ar fhad na neamhláithreachta: _____

Ainm an Dochtúra: _____

Seoladh: _____

Uimh. Fóin: _____

Síniú an Dochtúra: _____ Dáta: _____

SONRAÍ NA SCOILE - Le comhlánú ag Príomhoide na Scoile

Ainm an dalta: _____

An bhfuil an mac léinn cláraithe sa scoil faoi láthair don scoilbhliain 2019/20? Is dóigh Ní dóigh

Má tá, inis leibhéal an ranga/na bliana: _____

An bhfuil acmhainní á fháil ag an dalta faoi láthair?: Is dóigh Ní dóigh

Tabhair sonraí le do thoil: _____

Deimhnigh, le do thoil, gurbh é an riocht míochaine a luaitear ar an bhfoirm iarratais ar Theagasc Baile a ba chúis le gach ceann de na neamhláithreachtaí liostaithe thuas. Is dóigh Ní dóigh

Ar cuireadh neamhláithreachtaí in iúl do na Seirbhísí Leasa Oideachais? Is dóigh Ní dóigh

Ainm na Scoile: _____ Uimhir Rolla na Scoile: _____

Uimhir Theileafóin: _____ Seoladh Ríomhphoist: _____

Ní ceart ach Sonraí Tinrimh na scoilbhliana roimhe sin .i. 2018/2019 a iontráil thíos

Má d'fhreastail an mac léinn ar scoil eile don bhliain 2018/19, ba cheart don tuismitheoir / don chaomhnóir dlíthiúil sonraí tinrimh a lorg ón scoil sin.

Líon na laethanta:	2018/2019
(a) a raibh an scoil ar oscailt:	
(b) ar fhreastail an mac léinn ar an scoil:	

Más mian leat taifead tinrimh na scoilbhliana reatha a chur ar fáil, cuir litir ar leithligh faoi iamh le do thoil ag léiriú tinreamh na bliana reatha agus dáta deireanach tinrimh an dalta ar an scoil, nuair is cuí.

Síniú Phríomhoide na Scoile: _____ Dáta: _____

Stampa na Scoile

CUID 2 (B)

Iarratais ar bhonn fóibe scoile agus/nó dúlagar/imní gaolmhar, a chuir isteach go mór ar fhreastal an dalta ar scoil, agus ar dócha go gcuirfidh sé isteach go mór ar an bhfreastal sin.

Le comhlánú ag Príomhoide na Scoile

Ainm an Dalta _____

An bhfuil an dalta cláraithe sa scoil faoi láthair don scoilbhliain 2019/20? Tá Níl

Má tá, tabhair leibhéal an ranga/an bhliain: _____

An bhfuil acmhainní á fháil ag an dalta faoi láthair?: Is dóigh Ní dóigh

Má tá, tabhair sonraí le do thoil _____

Deimhnigh le do thoil go raibh na neamhláithreachtaí atá liostaithe thíos de bharr fóibe scoile agus/nó dúlagar/imní gaolmhar. Is dóigh Ní dóigh

Ar cuireadh neamhláithreachtaí in iúl do na Seirbhísí Leasa Oideachais? Is dóigh Ní dóigh

Má cuireadh inis cathain ar cuireadh iad in iúl _____

Ainm na Scoile: _____ Uimhir Rolla na Scoile: _____

Uimhir Theileafóin: _____ Seoladh Ríomhphoist: _____

Ní ceart ach Sonraí Tinrimh na scoilbhliana roimhe sin .i. 2018/2019 a iontráil thíos

Má d'fhreastail an mac léinn ar scoil eile don bhliain 2018/19, ba cheart don tuismitheoir / don chaomhnóir dlíthiúil sonraí tinrimh a lorg ón scoil sin.

Líon na laethanta:	2018/2019
(a) a raibh an scoil ar oscailt:	
(b) ar fhreastail an mac léinn ar an scoil:	

Más mian leat taifead tinrimh na scoilbhliana reatha a chur ar fáil, cuir litir ar leithligh faoi iamh a léireoidh tinreamh na bliana reatha agus dáta deireanach tinrimh an dalta ar scoil.

Tabhair sonraí faoi aon chomhoibriú idir an scoil, na tuismitheoirí agus gairmithe sláinte ábhartha maidir le hiarrachtaí leanúnacha chun an dalta a ath-imeascadh i suíomh na scoile:

Tabhair sonraí faoi theagmháil leis na gníomhaireachtaí tacaíochta ábhartha (m.sh. NEPS, EWO, Seirbhísí Meabhairsláinte do Leanaí agus do Dhaoine Óga (CAMHS), TUSLA (An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach), FSS, NCSE)

Síniú Príomhoide na Scoile: _____ Dáta: _____

Stampa na Scoile: _____ Ar lean ar an gcéad leathanach eile

CUID 2 (B)


Iarratais ar bhonn fóibe scoile agus/nó dúlagar/imní gaolmhar a chuir isteach, agus ar dócha go gcuirfidh sí isteach go mór ar a bhfreastal ar scoil.

Déan tagairt do Chuid 3 Catagóir (c) d'Imlitir 0043/2019

Ní mór tuairisc ar leithligh ó shíceolaí / síciatraí a cheangal leis an bhfoirm iarratais seo agus ba cheart:

- Go ndeimhneodh sí soiléir diagnóis faoi fhóibe scoile agus/nó dúlagar nó imní gaolmhar
- Go gcuirfí sonraí ar fáil inti faoi phleananna idirghabhála leighis nó teiripeacha atá i bhfeidhm d'fhonn an mac léinn a ath-imeascadh ina scoil arís, lena n-áirítear dáta tosaithe
- Go mbeadh plan inti chun an mac léinn a ath-imeascadh ina scoil
- Go gcuirfí in iúl go raibh / go mbeidh neamhláithreacht ón scoil riachtanach chun idirghabháil chuí leighis nó theiripe a éascú
- Go mbeadh mionsonraí inti faoi rannpháirtíocht leis na gníomhaireachtaí tacaíochta ábhartha (m.sh. An Scoil, Seirbhísí Meabhairshláinte do Leanaí agus d'Ógánaigh (CAMHS), TUSLA (An Gníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach), FSS)

Ní hé gnó gairmithe a dhéanann diagnóisiú Teagasc Baile a mholadh mar mhalairt ar scoil. Ní chuirfear moltaí den sórt sin san áireamh agus cinneadh á dhéanamh ar iarratas.



Cuid 3 Dearbhú

Fógraí Tábhachtacha

1. Tabhair faoi deara go bhféadfar Codanna 1 agus (2A nó 2B) agus Cuid 3 den Fhoirm Iarratais a sheoladh chuig an Roinn seo, sula bhfaightear teagascóir, chun a fháil amach, ar an gcéad dul síos, an bhfuil an leanbh i dteideal teagasc baile a fháil.
2. **Ní féidir tús a chur le teagasc** go dtí go bhfaigheann is go bhfaomhann an Roinn seo sonraí faoin dteagascóir, is é sin le rá Cuid 4, Aguisín 1 agus Aguisín 2 agus go n-eiseofar litir formheasa iomlán chuig an tuismitheoir /an caomhnóir dlíthiúil ina leagtar amach dátaí, sonraí faoin teagascóir agus na téarmaí & coinníollacha a bhaineann leis an teagasc.
3. **Má tá sé ar intinn agat níos mó ná teagascóir amháin a fhostú** ní mór duit an Roinn seo a chur ar an eolas roimh ré lena cheadú, ag sonrú líon na n-uaireanta teagasc a bheidh le cur ar fáil ag gach teagascóir in aghaidh na seachtaine.
4. Ní mór do dhaltáí iar-bhunscoile atá ag déanamh staidéir ar ábhair do Scrúduithe Sóisearacha agus Ardeistiméireachta riachtanais Choimisiún na Scrúduithe Stáit a léamh go cúramach le haghaidh obair chúrsa phraiticiúil. Tá liosta de na hábhair a bhfuil obair chúrsa phraiticiúil ag baint leo le fáil ag www.examinations.ie. Mura gcomhlíontar riachtanais Choimisiún na Scrúduithe Stáit, d'fhéadfadh sé tarlú nach mbeadh an mac léinn in ann na marcanna go léir a bhaint amach atá ar fáil don ábhar.

1. Dearbhaím go bhfuil an fhaisnéis atá san fhoirm seo cruinn ar feadh m'eolais.

2. **Tá an Ciorclán Teagasc Baile 0043/2019 léite go cúramach agam agus tuigim é**

3. Dearbhaím gur ceadmhach don Roinn Oideachais agus Scileanna nó d'aon ainmní de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna an fhoirm iarratais seo agus aon doiciméid ghaolmhara a phróiseáil má mheasann an Roinn gur cuí sin. Ina theannta sin, dearbhaím gur ceadmhach go ndéanfaidh síceolaí arna ainmniú ag an Roinn mo pháiste a mheas más dóigh leis an Roinn gur gá é.

Glactar le hiarratais ar theagasc baile ar an tuiscint go n-úsáidfeadh faisnéis phearsanta a sholáthraítear, lena n-áirítear Uimh. PSP, chun incháilitheacht le haghaidh teagasc baile a chinneadh, chun fócaíochtaí a phróiseáil agus chun críocha staitistiúla. Is féidir faisnéis phearsanta a roinnt idir FSS, TUSLA (an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach), an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE), an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige (DCYA), na Coimisinéirí Ioncaim agus an Roinn Oideachais agus Scileanna, lena n-áirítear NEPS, ar na cúiseanna a luadh agus lena chinntiú nach dtarlaíonn maoiniú dúbhlach.

Síniú Tuismitheora / Caomhnóra Dhlíthiúil: _____

(Mar an duine atá ainmnithe ar Leathanach 2 den Fhoirm Iarratais)

Gaol leis an leanbh: _____

Dáta: _____

Ba cheart foirmeacha a sheoladh ar ais chuig an seoladh seo a leanas:

**An tAonad Teagasc Baile
An Rannóg Oideachais Speisialta
An Roinn Oideachais agus Scileanna
Corr na Madadh
Baile Átha Luain
Co. na hIarmhí N37 X659**

Aguisín 1

Le comhlánú ag gach teagascóir atá ag cur Teagaisc Bhaile ar fáil

Chun cloí leis na treoirlínte um chosaint leanaí ní mór do gach duine a cheapfar mar theagascóir baile an Dearbhú Reachtúil seo a leanas a bhaineann le leanaí a sholáthar. Féachtar ar Dhearbhú Reachtúil mar dhoiciméad bailí má rinneadh é sa bhliain chéanna nó sa bhliain fhéilire roimhe sin. Ní mór an fhoirm seo a bheith fianaithe ag Dlíodóir Cleachtach/Coimisinéir Mionnaí/Nótaire Poiblí/Coimisinéir Síochána.

Dearbhú Reachtúil

Ní mór an dearbhú reachtúil seo a bheith comhlánaithe sula gceptar duine chun teagasc baile a thabhairt.

“Dearbhaímse, _____ ó, _____

I gcontae _____ atá ocht mbliana déag nó os a chionn, GO SOLLÚNTA AGUS GO FÍRINNEACH, mar seo a leanas:-

nach bhfuil rud ar bith i dtaca le cosaint leanaí de, i dtaca le m'iompar, mo charachtar, ná mo chúlra pearsanta, ar feadh m'eolais agus mo thuairime, a bheadh tionchar diúltach aige ar an bpost iontaofachta a bheadh agam i dtaca le leanaí nó le daoine fásta leochaileacha de bhun mé a bheith ceaptha chun teagasc baile a chur ar fáil.

Tá a fhios agam nach gceanglaítear orm anois, nó sa toadhchá, nochtadh a dhéanamh do thuismitheoirí / chaomhnóirí dlíthiúla an linbh dá bhfuil mé ainmnithe chun teagasc baile a thabhairt, sonraí faoi aon chiontú a measadh a bheith spíonta faoin Acht um Cheartas Coiriúil (Ciontuithe Spíonta agus Nochtadh Áirithe) 2016, ach, de réir alt 10 den Acht sin, ní bhaineann sé seo, áfach, le haon chiontú i leith cionta atá sonraithe i gCuid 1 nó 2 de Sceideal 1 an Achta sin nó iad siúd atá sonraithe i Sceideal 3 de na hAchtaanna um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta) 2012 agus 2016.

Laistigh de chomhthéacs cosanta leanaí:

- Dearbhaím leis seo mo thoiliú neamh-inchúlghairthe le thuismitheoirí / caomhnóirí dlíthiúla an linbh a d'ainmnigh mé chun teagasc baile a chur ar fáil chun cibé fiosrúcháin a dhéanamh a mheasann siad a bheith riachtanach maidir le m'oiriúnacht chun teagasc baile a thabhairt.
- Glacaim leis agus dearbhaím leis seo teidlíocht thuismitheoirí / chaomhnóirí dlíthiúla an linbh dá bhfuilim ag cur teagaisc ar fáil chun diúltú do m'iarratas nó deireadh a chur le mo chuid teagaisc má mhainnigh mé aon fhaisnéis a bhaineann le m'iarratas ar phost mar sholáthraí teagaisc a sholáthar do thuismitheoir /do chaomhnóir dlíthiúil an linbh dá bhfuil mé ag cur teagaisc bhaile ar fáil.
- Tuigim go ndícháileofar mé ar an toirt ó bheith i mo theagascóir baile agus go bhféadfar mé a bhriseadh as an bpost sin láithreach má thugaim eolas atá bréagach nó míthreorach i dtaca le m'iarratas ar phost mar sholáthraí teagasc baile don leanbh i dtrácht.

Agus déanaim an dearbhú seo go coinsiasach agus ag creidiúint go bhfuil an céanna fíor agus de bhun Acht na nDearbhuithe Reachtúla 1938.”

Síniú: _____
Teagascóir baile

Dáta: _____

Priontáil Ainm: _____

Dearbhairte i mo láthair[ainm i gceannlitreacha] ar [nótaire poiblí][coimisinéir mionnaí][coimisinéir síochána][dlíodóir cleachtach] mé ag _____

*a bhfuil aithne phearsanta agam air nó uirthi,
nó

* a aithníodh dom ag _____ atá ar aithne agam go pearsanta,

Nó

*ar cruthaíodh a aitheantas/a haitheantas dom sula ndearnadh an Dearbhú seo trí phas uimhir [uimhir an phas] a eisíodh ar [dáta eisiúna] ag údaráis [an stáit eisiúna], ar údarás é atá aitheanta ag Rialtas na hÉireann]

Nó

Cárta aitheantais náisiúnta [uimhir an chárta aitheantais] a eisíodh ar [dáta eisiúna] ag údaráis [an stáit eisiúna] [ar Ballstát de chuid an AE é, Cónaidhm na hEilvéise nó Páirtí Conartha i gComhaontas LEE]

Nó

[Pas Eachtrannaigh uimh. (doiciméad atá cóibhéiseach le pas) [uimhir an phas] a eisíodh ar [dáta eisiúna] ag údaráis [an stáit eisiúna] ar údarás é atá aitheanta ag Rialtas na hÉireann]

Nó

Doiciméad taistil dídeanaí uimh. [uimhir an doiciméid] a eisíodh ar [dáta eisiúna] ag an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí

Nó

Doiciméad taistil (seachas doiciméad taistil dídeanaí) [uimhir an doiciméid] a eisíodh ar [dáta eisiúna] ag an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí

ag

i gCathair/Contae

ar an _____ lá de _____ 20__

Síniú: _____

*Dlíodóir Cleachtach/Coimisinéir Mionnaí/Nótaire Poiblí/Coimisinéir Síochána

*Scrios amach de réir mar is cuí

Tabhair faoi deara: Is féidir tuilleadh eolais maidir le Coimisinéirí Mionnaí agus Coimisinéirí Síochána a fháil ag www.citizensinformation.ie

(Tabhair faoi deara nach nglacfar le sínithe ó chomhaltaí den Gharda Síochána)

Aguisín 2

Foirm Ghealltanais

Deimhním, ón dáta a shínigh mé an dearbhú reachtúil atá ceangailte leis seo, ar feadh m'eolais agus mo thuairime, nach bhfuil rud ar bith ann, ó thaobh cosaint leanaí de, i dtaca le m'iompar, mo charachtar ná mo chúlra pearsanta de chineál ar bith a mbeadh drochthionchar aige ar an mhúinín a chuirfí ionam i leith leanaí nó daoine fásta leochaileacha de bhua mo phoist ag cur teagaisc ar fáil do _____ (ainm an dalta).

Geallaim freisin go gcuirfidh mé in iúl do thuismitheoirí / do chaomhnóirí dlíthiúla an dalta dá bhfuil Teagasc Baile á thabhairt agam faoi aon athruithe ar an gcás thuasluaite a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar m' oiriúnacht, i ndáil le cosaint leanaí, as leanúint ar aghaidh mar theagascóir don Chlár Teagasc Bhaile.

Tá a fhios agam nach gceanglaítear orm anois, nó amach anseo, a nochtadh do thuismitheoirí an linbh dá bhfuilim ag soláthar Teagasc Baile sonraí maidir le haon chiontú a mheastar a caitheadh faoin Acht um Cheartas Coiriúil (Ciontuithe Caite agus Nochtadh Áirithe) 2016, ach, de réir alt 10 den Acht sin, nach mbaineann sé sin le haon chiontú maidir le cionta a shonraítear i gCuid 1 nó 2 de Sceideal 1 an Achta sin ná leo siúd a shonraítear i Sceideal 3 de na hAchtanna um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta) 2012 go 2016.

Admhaím agus tuigim go bhféadfadh deimhniú bréagach nó míthreorach i dtaca le m'iompar, mo charachtar nó mo chúlra pearsanta nó aon fhaillí ar mo thaobhsa maidir le tuismitheoir an linbh dá bhfuilim ag soláthar an Chláir um Theagasc Baile a chur ar an eolas difear a dhéanamh, ó thaobh cosaint leanaí de, do m'oiriúnacht mar theagascóir ar an gClár Teagasc Baile agus a bheith ina fhorais ag an tuismitheoir/caomhnóir dlíthiúil chun mé a bhriseadh as mo phost go hachomair.

Tá Imlitir 0043/2019 ón Scéim Deontais Teagasc Baile léite go cúramach agam agus tuigim í.

Dearbhaím go bhfuilim cláraithe go hiomlán leis an gComhairle Mhúinteoireachta.

Dearbhaím go bhfuil mé grinnfhiosraithe faoi láthair ag an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin agus gur roinn mé toradh mo chuardach grinnfhiosrúcháin, ar a dtugtar nochtadh grinnfhiosrúcháin, leis an tuismitheoir / an gcaomhnóir dlíthiúil seo trí réiteach slán TF ar líne na Comhairle Múinteoireachta, ar a dtugtar Digitary.

Ainm an Teagascóra: Bloclitreacha	Teagascóir: Síniú
Dáta:	

Tuigim go gcaithfidh mé nochtadh grinnfhiosrúcháin nua-eisithe a iarraidh in imthosca ina bhfuilim ag fostú an teagascóra den chéad uair nó má tá an teagascóir fostaithe agam roimhe seo, is féidir liom a bhreithniú an bhfuil nochtadh grinnfhiosrúcháin nua-eisithe riachtanach. (féach Cuid 5 d'Imlitir 0043/2019)

Is féidir liom a dhearbú go bhfuil an teagascóir atá ainmnithe agam grinnfhiosraithe faoi láthair ag an gComhairle Mhúinteoireachta agus gur bhreathnaigh mé ar thoradh ghrinnfhiosrúcháin na dteagascóirí trí réiteach slán TF ar líne na Comhairle Múinteoireachta, ar a dtugtar Digitary.

Tuigim nach dtugann grinnfhiosrú an Gharda cead do dhaoine chun oibriú le leanaí. Ní thugann sé ach sonraí faoi aon taifead coiriúil agus / nó faisnéis shonraithe maidir leis an duine lena mbaineann nó i gcás nach bhfuil aon taifead coiriúil nó faisnéis shonraithe i gceist luaitear an méid sin ann. Is faoin tuismitheoir / caomhnóir dlíthiúil atá sé cinneadh a dhéanamh maidir le hoiriúnacht duine chun oibriú leis an leanbh.

Tuismitheoir / Caomhnóir Dlíthiúil Ainmnigh i mBloclitreacha (mar an gcéanna leis an duine atá ainmnithe ar Leathanach 2 den Fhoirm Iarratais)	Tuismitheoir / Caomhnóir Dlíthiúil Síniú
Dáta:	

Sula seolann tú é seo chuig an Roinn seiceáil an méid seo a leanas le do thoil

CUID 1: Sonraí Pearsanta

Tá na sonraí maidir leis an leanbh agus an tuismitheoir/an caomhnóir dlíthiúil comhlánaithe agam faoi mar a iarradh, lena n-áirítear Uimh. PSP agus sonraí teagmhála .

CUID 2(A): Ríocht Sláinte

Tá Dochtúir an mhic léinn tar éis na sonraí go léir ar leathanach 3 a chomhlánú faoi mar a iarradh, lena n-áirítear dearbhú ar ríocht leighis agus fad ionchais neamhláithreachta ón scoil, nuair is infheidhme.

Tá Príomhoide scoil an dalta tar éis na sonraí go léir ar leathanach 3 a chomhlánú faoi mar a iarradh, lena n-áirítear uimhir rolla na scoile, stampa na scoile agus sonraí tinrimh 2018/2019.

CUID 2 (B): Fóibe Scoile / Imní

Tá Príomhoide Phríomhoide na scoile tar éis na sonraí go léir ar leathanach 4 a chomhlánú faoi mar a iarradh, lena n-áirítear uimhir rolla na scoile, stampa na scoile agus sonraí tinrimh 2018/2019.

Tá tuairisc ar leithligh ó Shíceolaí / Síciatraí an mhic léinn san áireamh leis an iarratas.

CUID 3: Dearbhú

Léigh mé na Fógraí Tábhachtacha ar Leathanach 6.

Tá an Dearbhú ar leathanach 6 léite agam go cúramach agus sínithe agam.

CUID 4: Sonraí an Teagascóra

Is féidir liom sonraí an teagascóra go léir a dhearbhú de faoi mar a iarradh, lena n-áirítear Uimh. PSP, Uimhir na Comhairle Múinteoireachta, agus tá na sonraí teagmhála comhlánaithe.

AGUISÍN 1 - Tá Dearbhú Reachtuil comhlánaithe go hiomlán, sínithe agus stampáilte.

AGUISÍN 2 - Tá foirm an Ghealltanais comhlánaithe agus sínithe ag an teagascóir agus fianaithe ag an tuismitheoir / caomhnóir dlíthiúil.

Tá miondealú curtha ar fáil agam ar na huaireanta do theagascóirí breise, nuair is ábhartha.

Fógra Tábhachtach

Ba chóir a mheabhú nach gclúdófar na tréimhsí seo a leanas ó thaobh focaíochta i gás aon dalta a bhaineann leas as an Scéim Teagasc Baile:

Briseadh meántearma Mhí Dheireadh Fómhair 2019:

28 Deireadh Fómhair 2019 - 1 Samhain 2019 agus an dá lá sin san áireamh

Nollaig 2019: 23 Nollaig 2019 - 3 Eanáir 2020 agus an dá lá sin san áireamh

Briseadh meántearma Mhí Feabhra 2020:

17 Feabhra 2020 - 21 Feabhra 2020 agus an dá lá sin san áireamh

Cáisc 2020: 6 Aibreán 2020 - 17 Aibreán 2020 agus an dá lá sin san áireamh

Laethanta Saoire Bainc: Gach lá saoire bainc i gcaitheamh na scoilbhliana

Ba chóir a mheabhú freisin gur chóir go mbeadh Teagasc Baile ag teacht leis an lá scoile (9am – 6 pm). Níor chóir Teagasc Baile a thabhairt le linn laethanta saoire scoile, laethanta saoire bainc nó deirí seachtaine.